

# Meas

## Atmaisféar Scoile atá Dearfach agus Fáilteach a Chruthú chun Bulaíocht Homafóbach agus Thrasfóbach a Chosc


Léiríonn seomraí ranga bunscoile an éagsúlacht cultúr, féiniúlachtaí, cúlraí agus teaghlach atá againn in Éirinn. Oibríonn mhúinteoirí bunscoile le leanaí ó raon leathan cúlraí agus teaghlach. Féachann siad le hatmaisféar dearfach fáilteach a chruthú ina seomraí ranga chun a chinntiú go mbainfidh gach leanbh a lánchumas amach.

I gcás bunscoileanna, is ag éirí níos coitianta i gcónaí a bhíonn éagsúlacht ó thaobh fhéiniúlacht an lucht leispiach, aerach, déghnéasach agus trasincneach (LADT) de. Tá céimeanna éagsúla bainte amach ag bunscoileanna maidir le déileáil le héagsúlacht LADT, lena n-áirítear aghaidh a thabhairt ar bhulaíocht a bhaineann le saincheisteanna agus

le féiniúlacht LADT – rud ar a dtugtar bulaíocht homafóbach nó thrasfóbach.


Tá na *Gnásanna nua Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-Bhunscoile* ón Roinn Oideachais agus Scileanna bunaithe ar an bprionsabal go bhfuil atmaisféar dearfach fáilteach scoile ar an timpeallacht is fearr, ní amháin chun bulaíocht a chosc, ach chun caidrimh mheasúla a spreagadh ar fud na scoile ar fad freisin.

Agus í bunaithe ar na gnásanna sin, is é is aidhm don treoir seo tacú le pobal na bunscoile ar fad aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna LADT agus bulaíocht homafóbach agus thrasfóbach a chosc agus a chomhrac.



Sa chás gur le meas agus le dínit a chaitear le difríochtaí i measc daltaí, go háirithe iad siúd a bhaineann le féiniúlacht, cuirfead go mór leis an muinín atá ag *gach* dalta go bhfuil siad sábháilte, go bhfuil tacaíocht á tabhairt dóibh, agus go bhfuil fáilte rompu ar scoil.

### An tábhacht leis an acmhainn seo

 Tá leanaí ó raon éagsúil cúlraí agus cineálacha teaghlach le fáil i ngach seomra ranga bunscoile. Ba mhaith le gach leanbh a mhothú go bhfuil fáilte rompu agus go bhfuil meas orthu.

Léiríonn an gnáthsheomra ranga bunscoile an éagsúlacht cultúr, féiniúlachtaí, cúlraí agus cineálacha teaghlach atá le feiceáil sa phobal i gcoitinne. Is eol do mhúinteoirí bunscoile gur déagóirí agus daoine fásta na todhchaí atá sna leanaí ina seomraí ranga agus, dá bhrí sin, is eol dóibh freisin go bhfuil na blianta bunscoile rithábachtach maidir le saoránaigh amach anseo a mhúnlú. Éiríonn go geal le leanaí nuair a mhothaíonn siad go bhfuil fáilte rompu agus go bhfuil meas orthu, agus dá réir sin, nuair a mhothaíonn siad go bhfuil fáilte roimh a dteaghlach agus go bhfuil meas orthu freisin.

Is i gcuid mhór cineálacha teaghlach a mhaireann leanaí sa lá atá inniu ann. Cé go bhfuil an struchtúr teaghlach a bhfuil máthair agus athair atá pósta le chéile ann ar an struchtúr is coitianta teaghlach go fóill, is as an illiomad cineálacha teaghlach a thagann a lán leanaí eile, lena n-áirítear teaghlach a bhfuil leastuismitheoir ann, teaghlach aontuismitheora, teaghlach altrama agus teaghlach uchtaithe, teaghlach a bhfuil daoine LADT i gceannas orthu agus lánúineacha neamhphósta a bhfuil leanaí acu. Tá sé tábhachtach do gach leanbh go gcuirtear a gcúlra agus a teaghlach in iúl ar bhealach dearfach. I gcás leanaí a mhaireann i dteaghlach a bhfuil daoine LADT i gceannas orthu, leanaí a bhfuil daoine LADT acu ina dteaghlach nó leanaí a aithníonn iad féin mar dhaoine LADT (léirítear i dtaighde go n-éiríonn formhór na ndaoine eolach ar a bhféiniúlacht mar dhaoine LADT agus iad 12 bhliain d'aois – Nóta 1), tabharfaidh an acmhainn seo tacaíocht do mhúinteoirí a chinntiú go mothóidh na leanaí sin go bhfuil fáilte rompu agus go bhfuil meas orthu.

## Bulaíocht i scoileanna Éireannacha

Fadhb shuntasach do chuid mhór leanaí i scoileanna Éireannacha is ea bulaíocht. Teastaíonn tacaíocht ó gach dalta, go háirithe daltaí leochaileacha, chun labhairt faoi iompar bulaíochta agus é a thuairisciú. Cé gur féidir bulaíocht a dhéanamh ar aon dalta. Tá leanaí áirithe níos leochailí i leith iompar bulaíochta a fhulaingt ná leanaí eile. I measc daltaí den sórt sin, tá leanaí faoi mhíchumas, leanaí ó ghrúpaí mionlaigh eitnigh (lena n-áirítear leanaí ón Lucht Síúil), daltaí LADT nó daltaí a mbraitear gur daoine LADT iad (Nóta 1).

## Bulaíocht a bhaineann le hinscne, le homafóibe agus le trasfóibe

Cé go ndíríonn leanaí áirithe ar leanaí eile uaireanta toisc go bhfuil siad difriúil leo, agus cé go ndéantar bulaíocht ar leanaí ar roinnt cúiseanna éagsúla, is iad seo a leanas cúiseanna coitianta lena ndéantar bulaíocht ar dhaoine;

- Ní chloíonn an leanbh leis an ionchas ná leis an iompar steiréitipiciúil inscne; mar shampla, buachaill ar fearr leis bheith ag súgradh le cailíní ná buachaillí.
- Tá duine leispiach, aerach, déghnéasach nó trasincsneach (LADT) ag an leanbh ina dteaghlach; mar shampla, beirt mháithreacha nó beirt aithreacha, nó deartháir nó deirfiúr ar duine LADT é/í.

- Braítear gur duine LADT nó go bhféadfadh gur dhuine LADT é/í an leanbh féin (Nóta 1). Fuarthas amach i dtaighde eile gurb eol d'fhorhmhór na ndaoine trasincsneacha go bhfuil siad difriúil lena bpiaraí sula bhfágfaidh siad an bhunscoil (Nóta 2).

Tugtar bulaíocht homafóbach nó thrasfóbach ar chásanna ina ndéantar bulaíocht ar dhaoine ar na cúiseanna thuasluaite.

D'fhéadfadh bulaíocht teacht as úsáid mhíchuí teanga agus, dá bhrí sin, is gá cur ina haghaidh i gcónaí. Tugtar le fios i dtaighde ón Ríocht Aontaithe gur thuairiscigh 70% de mhúinteoirí bunscoile go raibh frásaí ar nós 'is an-aerach atá tú' nó 'is an-aerach atá sé sin' cloiste acu. Dúirt beagnach leath na múinteoirí bunscoile gur cuireadh daltaí ina scoil faoi réir bulaíocht homafóbach. Tá aithne ag cuid mhór múinteoirí bunscoile ar leanaí a mbraitear gur daoine LADT iad (Nóta 3).

## 3 ní a éilítear ar gach scoil a dhéanamh

Tá feidhm ag na Gnásanna Frithbhulaíochta maidir le gach bunscoil agus iar-bhunscoil. Sna Gnásanna Frithbhulaíochta, tugtar treoir do scoileanna maidir le hiompar bulaíochta atá bunaithe sa scoil a chosc agus a chomhrac agus maidir le déileáil le haon tionchar diúltach sa scoil a thagann as iompar bulaíochta a tharlaíonn in áiteanna eile (féach imlitr 2013/45 ón Roinn Oideachais agus Scileanna). Éilítear ar gach scoil na nithe seo a leanas a dhéanamh:

1. **Beartas frithbhulaíochta na scoile a nuashonrú** chun go n-áireofar an sainmhíniú nua seo a leanas ann: *"Is é is bulaíocht ann ná iompar diúltach neamhiarrtha, bíodh sé i bhfoirm iompar briathartha, síceolaíoch nó fisiciúil, a dhéanann duine aonair nó grúpa in aghaidh duine (daoine) eile, agus a dhéantar arís agus arís eile. Áirítear léi bulaíocht chaidrimh, cibearbhulaíocht agus bulaíocht atá bunaithe ar fhéiniúlacht, ar nós bulaíocht homafóbach"* (Gnásanna Frithbhulaíochta ón Roinn Oideachais agus Scileanna, Alt 2.1).
2. **Bulaíocht homafóbach agus thrasfóbach a ainmniú mar shamplaí** de bhulaíocht atá bunaithe ar fhéiniúlacht i mbeartais frithbhulaíochta (Gnásanna Frithbhulaíochta ón Roinn Oideachais agus Scileanna, Alt 1.4.1).
3. **Straitéisí oideachais agus coisc a ghlacadh** i ndáil le bulaíocht homafóbach agus thrasfóbach (Gnásanna Frithbhulaíochta ón Roinn Oideachais agus Scileanna, Alt 5.3.1). Is gá do gach scoil na straitéisí oideachais agus coisc ar leith a chuirfidh sí chun feidhme a thuairisciú. Ba chóir straitéisí lena dtugtar aghaidh shoiléir ar chibearbhulaíocht agus ar bhulaíocht atá bunaithe ar fhéiniúlacht, go háirithe bulaíocht homafóbach agus thrasfóbach, a bheith i gceist leis sin.

Beidh na treoirínte seo chun tairbhe don fhoireann ar fad i mbunscoileanna – príomhoidí, múinteoirí agus cúntóirí riachtanas speisialta ina measc

### GLUAIS

**LADT:** cnuastearma a chuimsíonn daoine a aithníonn iad féin mar dhaoine leispiacha, aeracha, déghnéasacha nó trasincsneacha.

**Déghnéasach:** fear nó bean a bhfuil dúil rómánsach, ghnéasach agus/nó mhothúchánach aige/aici i ndaoine de cheachtar gnéas.

**A nochtadh go bhfuil sé/sí aerach:** téarma a úsáidtear chun cur síos ar an bpróiseas ina n-aithníonn duine gur duine LADT é/í agus ina bhféadfadh sé/sí tús a chur leis an méid sin a nochtadh do dhuine nó do dhaoine eile.

**Aerach:** fear nó bean a bhfuil dúil rómánsach, ghnéasach agus/nó mhothúchánach aige/aici i ndaoine den ghnéas céanna. Is gnách go n-úsáidtear an téarma chun cur síos ar fhir ina leith sin.

**Féiniúlacht Inscne:** an mothúchán inmheánach atá ag duine maidir le bheith fireann nó baíneann, beag beann ar an inscne atá liostaithe ar a t(h)eastas breithe.

**Bulaíocht homafóbach:** bulaíocht atá bunaithe ar ghnéaschlaonadh iarbhír nó meabhairbhraite. Is cineál bulaíochta atá bunaithe ar fhéiniúlacht í.

**Leispiach:** bean a bhfuil dúil rómánsach, ghnéasach agus/nó mhothúchánach aici i mná eile.

**Gnéaschlaonadh:** tagraíonn sé seo do dhúil bhuan mhothúchánach, rómánsach agus/nó ghnéasach a bheith ag duine i bhfir, i mná nó sa dá ghnéas. Aithnítear trí ghnéaschlaonadh de ghnáth, is iad sin: heitrichnéasach (díreach), homaighnéasach (aerach nó leispiach) agus déghnéasach.

**Trasincsneach:** tagraíonn sé seo do dhuine a bhfuil a f(h)éiniúlacht inscne agus/nó a s(h)easamh inscne difriúil leis an inscne ar cuireadh ina leith tráth a b(h)reithe.


**Bulaíocht thrasfóbach:** bulaíocht atá bunaithe ar fhéiniúlacht inscne iarbhír nó mheabhairbhraite. Is cineál bulaíochta atá bunaithe ar fhéiniúlacht í.



## 7 bhfíric maidir le bulaíocht i scoileanna Éireannacha (Nóta 4)

1. Tá breis agus  $\frac{1}{3}$  de leanaí i mbunscoileanna Éireannacha páirteach in iompar bulaíochta.
2. Tá bulaíocht á déanamh ar bhreis agus  $\frac{1}{5}$  de leanaí bunscoile in Éirinn.
3. Is féidir le haon leanbh ar bith bheith páirteach in iompar bulaíochta.
4. Is as easpa measa ar dhifríocht a thagann sciar suntasach de chásanna bulaíochta chun cinn. Bíonn tuilleadh aitheantais á thabhairt i gcónaí ar leitheadúlacht agus ar thionchar an chineáil bhulaíochta sin, rud ar a dtugtar bulaíocht 'atá bunaithe ar réamhchlaonadh' nó bulaíocht 'atá bunaithe ar fhéiniúlacht' freisin. Cineálacha bulaíochta atá bunaithe ar fhéiniúlacht agus a thagann as réamhchlaonadh is ea bulaíocht homafóbach agus thrasfóbach.
5. Tá leanaí áirithe níos leochailí i leith bulaíochta atá bunaithe ar fhéiniúlacht a fhulaingt mar gheall ar an difríocht iarbhir nó mheabhairbhraite a bhaineann leo.
6. Tá fianaise shoiléir ann go ndéanann bulaíocht homafóbach nó thrasfóbach ar scoil an-dochar do thorthaí pearsanta agus oideachais daoine óga.
7. Cé gur iompar a dhéantar arís agus arís eile i bulaíocht, is féidir a mheas gur bulaíocht é teagmhas aonair a tharlaíonn ar na meáin shóisialta agus gur ciapadh é teagmhas aonair iompair dhiúltaigh d'aon ghnó (Na hAchtanna um Stádas Comhionann).

## An tábhacht leis an acmhainn seo

 Féachann gach múinteoir bunscoile le háit chuimsitheach, fháilteach agus shábháilte do gach leanbh a dhéanamh dá seomra ranga – is é sin an cur chuige is fearr chun caidrimh mheasúla a áirithiú ar fud phobal na scoile.

Prionsabal lárnach sna Gnásanna Frithbhulaíochta ón Roinn Oideachais agus Scileanna is ea atmaisféar agus cultúr dearfach scoile a chothú. Sna Gnásanna Frithbhulaíochta, moltar do scoileanna iompar bulaíochta a chosc trí atmaisféar agus trí chultúr dearfach scoile a chothú, rud ina gcuirtear fáilte roimh dhifríocht agus roimh éagsúlacht, atá bunaithe ar chuimsitheacht, agus ina gcuirtear caidrimh mheasúla chun cinn ar fud phobal na scoile.

Tá múinteoirí bunscoile lánoilte ar thacaíocht a thabhairt do leanaí rath a bhaint amach beag beann ar a gcúlra, a bhféiniúlacht, a gcineál teaghlai, a gcreidimh, a n-eitneacht, a gcumas ná a n-inscne. Tacaíonn curaclam na bunscoile leo an obair sin a chur i gcrích, curaclam atá dírithe ar an leanbh, lena n-aithnítear uathúlacht gach linbh agus lena bhfreastalaítear ar riachtanais gach linbh.

Mar sin féin, is amhlaidh go dtarlaíonn bulaíocht atá bunaithe ar fhéiniúlacht inár scoileanna agus bíonn sé deacair ag roinnt múinteoirí aghaidh a thabhairt ar chineálacha áirithe iompair bhulaíochta. Is do mhúinteoirí a thabharfaidh an acmhainn seo an tacaíocht a theastaíonn chun cur in aghaidh bulaíocht homafóbach agus thrasfóbach go díreach agus chun na cineálacha bulaíochta sin agus cineálacha eile bulaíochta atá bunaithe ar fhéiniúlacht a chosc.



# Ról an Mhúinteora

Tarlaíonn saincheistanna a bhaineann le bulaíocht homafóbach agus thrasfóbach i ngach réimse de shaol na scoile; sa seomra ranga, sa chlós scoile, i mbeartais agus i gcláir agus sa seomra foirne. Tugtar sna rannáin seo a leanas moltaí praiticiúla arb é is aidhm dóibh tacú le múinteoirí bunscoile atmaisféar dearfach scoile a chruthú, áit a gcoiscfear bulaíocht homafóbach agus thrasfóbach agus a gcothófar dearcthaí measúla ó rang na naíonán sóisearach amach. Moltar acmhainní breise sna rannáin freisin.

## Sa seomra ranga

### Ceisteanna agus tuairimí ó na leanaí

a. **Labhairt faoin saol sa bhaile.** Is minic a labhraíonn leanaí faoina dteaghlach ar scoil, agus d'fhéadfadh go gcuirfeadh daltaí ceisteanna faoi dhaltaí eile dá bharr sin, mar shampla: "Cén fáth a bhfuil beirt mháithreacha ag Conchúr?"

### Cuir chuige molta don mhúinteoir

Is dual do leanaí bheith ag labhairt faoina dteaghlach agus faoin saol sa bhaile agus ba chóir do gach leanbh bheith ar a c(h)ompord agus é sin á dhéanamh aige/aici. Tá an-tábhacht le do fhreagra maidir le timpeallacht shábháilte a chur ar fáil; mínigh do na leanaí gurb ann do chuid mhór cineálacha teaghlaigh – tá beirt tuismitheoirí i bhformhór díobh, agus máthair amháin agus athair amháin iontu, ach tá beirt mháithreacha nó beirt aithreacha i dteaghlaigh eile. Níl ach tuismitheoir amháin i gcuid mhór teaghlach. Is é an phríomhtheachtaireacht anseo ná go bhfuil gach teaghlach speisialta agus gur chóir an meas céanna a thabhairt do gach ceann acu. Agus an teaghlach á phlé agat mar chuid den teagasc (e.g. mar chuid de churaclam na staire do ranganna sóisearacha), ba chóir duit iarracht a dhéanamh gach cineál teaghlaigh a lua (e.g. teaghlach a bhfuil máthair agus athair ann, teaghlach aontuismitheora, teaghlach a bhfuil cúramóir/caomhnóir ann, teaghlach a bhfuil beirt mháithreacha ann, teaghlach a bhfuil beirt aithreacha ann, teaghlach a chónaíonn le seantuismitheoir/aintín/uncail/teaghlach sínte, teaghlach a bhfuil leanaí uchtaithe acu, etc).

b. **Teanga mhíchuí.** D'fhéadfadh go mbainfeadh leanaí úsáid mhíchuí as focail, agus é sin á dhéanamh acu d'aon ghnó nó go soineanta. Is mar mhasla a úsáideann a lán leanaí agus daoine óga an focal 'aerach' agus téarmaí eile homafóbacha.

Is minic a chloiseann leanaí an focal 'aerach'. Cluineann siad an focal agus é á úsáid ag daoine chun cur síos a dhéanamh orthu féin. Cluineann siad an focal a bheith á úsáid ar bhealach diúltach ag daoine agus iad ag labhairt faoi rud nach dtaitníonn leo, mar shampla, 'tá an mála sin aerach'. Déileáil le ráitis den sórt sin tríd an idirdhealú seo a leanas a dhéanamh;

- Is inghlactha atá focail a mbaineann daoine úsáid astu chun cur síos a dhéanamh orthu féin (e.g. aerach, leispiach, déghnéasach, trasinscneach).
- Ní inghlactha atá sé úsáid a bhaint as na focail sin ar bhealach maslach nó úsáid a bhaint astu chun goilleadh ar dhaoine eile nó chun náire a chur orthu.
- Mar mhúinteoir, ba chóir duit iarraidh ar an leanbh úsáid a bhaint as focail lena gcuirfeadh a t(h)uairim in iúl i gceart, e.g. 'Ní maith liom an mála sin mar ní thaitníonn liom an dath atá air'.

c. **Ceisteanna a chur.** D'fhéadfadh go gcluineadh leanaí focail nach bhfuil tuiscint iomlán acu orthu agus a bhfuil siad fiosrach fúthu, mar shampla, "Cad is ciall leis an bhfocal 'aerach'/leispiach'/ 'trasghnéasach'?" D'fhéadfadh go gcuirfidís ceisteanna faoi thréithe leanaí eile, mar shampla, "Cén fáth a n-iompraíonn Sorcha í féin cosúil le buachaill?"

Agus freagra á thabhairt agat ar an gceist "Cad is ciall leis an bhfocal 'aerach'/leispiach'?" ná déan dearmad gur féidir le leanaí coincheap an ghrá a thuiscint, lena n-áirítear an difear idir grá a bheith acu dá dtuismitheoirí agus dá siblí agus titim i ngrá. Mínigh dóibh go dtiteann formhór na ndaoine i ngrá le daoine den inscne eile agus go dtiteann daoine eile i ngrá le daoine den inscne chéanna. Is aerach atá fear a thiteann i ngrá le fear eile. Is leispiach nó aerach atá bean a thiteann i ngrá le fear eile. Is déghnéasach atá duine a thiteann i ngrá le duine den inscne chéanna nó den inscne eile. Tá sé tábhachtach aird na leanaí a tharraingt ag an am céanna ar an bhfíric nach n-iompróidh gach leanbh é/í féin de réir steiréitíopaí inscne a bhraitear a bheith ann.

d. **Ócáidí speisialta.** D'fhéadfadh go bhfreastalódh leanaí ar pháirtneireacht shibhialta nó ar shearmanas pósta de chuid gaol teaghlaigh, nó d'fhéadfadh go mbeadh ról speisialta (cailín bláthanna, iompróir fáinní, etc.) acu sna hócáidí sin.

Spreag an leanbh scéal a insint faoin ócáidí speisialta. D'fhéadfadh go mbeadh ort a mhíniú do na leanaí eile gur gealltanas saoil idir beirt den inscne céanna í páirtneireacht shibhialta agus go bhfuil sí cosúil le pósadh idir fear agus bean.

# Bunscoile

## Nascadh leis an gCuraclam

**“Aithníonn an scoil gnéithe den churaclam trína bhféadfaí tionchar dearfach marthanach a imirt ar dhearcthaí agus ar luachanna daltaí”**

*Gnásanna Frithbhulaíochta ón Roinn Oideachais agus Scileanna: Tábla A – Príomheilimintí de Chultúr Dearfach Scoile*

### OSPS: Mise agus mo theaghlach

- Na daoine a chomhdhéanann teaghlach a aithint agus a ainmniú.
- A thuiscint nach mar a chéile gach aonad teaghlaigh.

### OSPS: Mo chairde agus daoine eile

- Iompar bulaíochta, cé a bhíonn páirteach ann agus cén tionchar a bhíonn aige ar dhaoine éagsúla, a aithint agus a iniúchadh.

### OSPS: Caidreamh le daoine eile

- Na slite éagsúla inar féidir teanga a úsáid chun daoine a aonrú nó chun

leithcheal a dhéanamh orthu a scrúdú.

### OSPS: Féinaithne

- A aithint agus a léirithuiscint gur duine ar leith é gach duine agus go gcuirtear an leithlí seo in iúl ar an-chuid slite difriúla.

### Stair: Mise agus mo theaghlach

- Éagsúlacht na gcineálacha teaghlaigh, agus éagsúlacht na ndaoine a bhfuil teaghlach comhdhéanta díobh, a aithint i gcrabhadh gineálaigh agus i startha teaghlaigh.

«Is é an príomhtheachtaireacht anseo ná gur chóir déileáil le gach duine le meas»

## An tábhacht leis an acmhainn seo

### 3 Is é is aidhm do *Churaclam na Bunscoile* riachtanais gach linbh a léiriú i gcomhthéacs shoचाí an lae inniu

Imríonn múinteoirí bunscoile ról an-tábhachtach i ngach gné d'fhorbairt laethúil an linbh (lena n-áirítear forbairt spioradálta, mhorálta, chognaíoch, mhothúchána, shamhlaíoch, aeistéitiúil, shóisialta agus fhisiceach). Ba chóir tús a chur le dearcthaí cuimsitheacha measúla a spreagadh i rang na naíonán sóisearach agus leanúint ar aghaidh le hiad a spreagadh suas go dtí rang a sé.

Is é ról an mhúinteora bunscoile cabhrú le gach leanbh a b(h)ealach féin a dhéanamh tríd an gcuraclam ionas go mbainfidh sé/sí a lánchumas amach, go bhforbróidh sé/sí spéis san fhoghlaim agus go ngnóthóidh sé/sí scileanna saoil. Ceiliúránn Curaclam na Bunscoile uathúlacht gach linbh agus aithníonn sé go maireann leanaí sa tsochaí agus gur cuid den tsochaí iad agus go dtéann a ngaolmhaireachtaí ag baile agus le daoine eile sa tsochaí i gcion go mór ar a bhforas pearsanta.

*Tá gaol fuinniúil idirghníomhach idir an t-oideachas agus an tsochaí. Ní hamháin go dtugann an t-oideachas léiriú ar shoचाí ach bíonn tionchar aige ar an gcaoi a dtéann forbairt uirthi. Gléasann sé páistí chun páirt a ghlacadh i mbuntáistí na soचाí ina mbíonn cónaí orthu agus chun cuidiú go héifeachtach le cothú agus éabhlóid na soचाí sin. Tugann an curaclam léargas ar mhi-anaidhmeanna agus ar chúraimí oideachasúla, cultúrtha, sóisialta agus eacnamaíochta na soचाí Éireannaí. Tugann sé aird freisin ar mhianach malartach an eolais agus na soचाí agus freastalaíonn sé ar riachtanais páistí aonair agus iad ag dul in oiriúint d'athrú dá leithéid.*

An Roinn Oideachais agus Scileanna. Aidhmeanna Churaclam na Bunscoile (1999; 6).

Tabharfar san acmhainn seo moltaí nithiúla ar an dóigh ar féidir le múinteoirí tacaíocht a thabhairt do dhaltaí freagairt ar bhealach measúil nuair a thagann siad ar dhífriocht iontu féin nó i ndaoine eile.



# Ról an mhúinteora bunscoile

## Sa chlós scoile

a. **Teanga.** Uaireanta, baineann leanaí úsáid mhíchuí as teanga agus iad ag súgradh trí chur síos a dhéanamh ar rud éigin mar rud 'aerach' nó trí 'aerach' a thabhairt ar leanbh eile chun goilleadh air/uirthi.

Ba chóir cur in aghaidh cásanna ina n-úsáidtear focail go míchuí chun bheith goilliúnach i gcónaí. Mura gcuirtear in aghaidh cásanna den sórt sin, is ionann sin agus a rá gur inghlactha atá an cineál iompair sin. Féach an rannán 'seomra ranga' chun a fheiceáil conas ba chóir freagairt do leanaí a úsáideann an téarma 'aerach' mar mhasla. Cuir in aghaidh tuairimí homafóbacha nó trasfóbacha chomh muiníneach is a chuirfeá in aghaidh drochainmniú nó aon tuairimí eile atá idirdhealaitheach.

Nuair a thugann leanbh amháin 'aerach' ar leanbh eile chun goilleadh air/uirthi, is é an rud ar chóir cur ina aghaidh ná an rún a bhí ag an leanbh goilleadh ar an leanbh eile. Is é an phríomhtheachtaireacht anseo: 'is daoine aeracha iad roinnt daoine agus tá sé ceart go leor a bheith aerach. Níl sé ceart go leor an focal sin a úsáid chun goilleadh ar dhuine eile nó chun náire a chur air/uirthi'.

Is ar fáil ar líne atá tuilleadh samplaí den dóigh ar féidir le múinteoir déileáil le cásanna ar leith – féach [www.glen.ie/education](http://www.glen.ie/education).

b. **Inscne agus Imirt.** Is minic a roinntear leanaí de réir inscne agus iad ag imirt. Mar shampla, ní thugtar deis chun peil a imirt ach amháin do bhuachaillí agus ní bhíonn deis chun scipeáil a dhéanamh ach amháin ag cailíní.

Mol do na leanaí cluichí a mhalartú le chéile. I ngach cás, cuir in aghaidh ráiteas ar nós 'Is cluiche do chailíní é sin!' nó 'Ní bhíonn an dath sin ach ar bhuachaillí!' Is é an phríomhtheachtaireacht anseo ná nach mbaineann aon chluiche, aon dath ná aon ghníomhaíocht le buachaillí/cailíní amháin. Is féidir le daoine a rogha ruda a dhéanamh!

c. **Caochspota.** I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh go gceapfadh leanaí go bhfuil sé/sí lasmuigh de raon éisteachta duine fhásta agus, uaireanta, d'fhéadfadh go dtapódh sé/sí an deis sin é/í féin a iompar ar bhealach míchuí.

Bí chomh hairdeallach agus is féidir le linn duit an clós scoile a mhaoirsiú. Cinntigh go bhfuil an fhoireann mhaoirseachta scaipthe amach ar fud an chlóis chun gur féidir leo gach limistéar a bhreathnú go himleor.





## I mbeartais agus i gcláir

a. **Beartas Frithbhulaíochta.** Ní mór do gach bunscóil anois bulaíocht homafóbach agus thrasfóbach a chur san áireamh ina mbeartas frithbhulaíochta. Ní mór dóibh freisin straitéisí oideachais agus coisc a chur ar fáil chun teagmhais bhulaíochta homafóbaí agus trasfóbaí a chosc.

Éirigh eolach ar bheartas frithbhulaíochta na scoile agus ar an ról atá agat sa bheartas a chur chun feidhme. Is féidir leis an acmhainn seo agus le hacmhainní eile tacaíocht a thabhairt duit sa ról sin.

b. **Cláir atá ann cheana a úsáid.** Ar na cláir lena mbaineann ábharthacht ar leith le teanga cuimsitheach a úsáid, tá an Clár Bí Sábháilte, an Clár Walk Tall agus Seachtain an Chairdis mar aon le cláir lena ngabhann téamaí den chineál céanna a nglacann scoileanna páirt iontu.

Tugann OSPS comhthéacs foirfe le bheith cuimsitheach mar go gcabhraíonn sé le leanaí iad féin a thuiscint agus tuiscint a fháil ar conas réiteach le daoine eile agus ar conas caidreamh rathúil a bhunú agus a choinneáil.

Is é is aidhm do chláir laistigh den churaclam OSPS ionbhá a fhorbairt agus scileanna féinchosanta na leanaí i dtaca leis an mbulaíocht, i measc réimsí eile, a fheabhsú. Cuireann sé deis ar fáil plé a dhéanamh ar an dóigh ar féidir leis na focail a úsáidimid goilleadh ar dhaoine eile agus a bheith ina gcúis le bulaíocht. Deis iontach í sin le dul i ngleic leis an úsáid mhícheart dhiúltach a bhaintear as focail amhail ‘aerach’. Tugann Seachtain an Chairdis deis den chineál céanna.

c. **Beartais Chuimsitheacha Scoile.** Ba chóir tagairt a bheith sna réimsí beartais go léir lena mbaineann (rollú, iontrálacha, etc.) do na naoi bhforas den Acht um Stádas Comhionann (lena gcuimsítear gnéaschlaonadh agus inscne, lena n-áirítear trasinscne). Is féidir le beartais chuimsitheacha scoile difríocht a dhéanamh agus is amhlaidh go ndéanann siad difríocht. Cothaíonn timpeallacht chuimsitheach foghlama timpeallacht fháilteach do gach teaghlach agus cabhraíonn sí le leanaí a mhothú go bhfuil siad sábháilte ar scoil.

Uaireanta, is iad beartais na scoile an chéad léargas a fhaigheann tuismitheoirí daltaí ionchasacha ar a chuimsitheáil atá an scoil. Más rud é go n-ainmnítear grúpaí mionlaigh agus cineálacha difriúla teaghlach i mbeartais agus i ndoiciméid na scoile, is léiriú é sin ar an meas atá ag an scoil ar éagsúlacht agus ar chultúr cuimsitheachta sa scoil.

## Sa seomra foirne

### Baill Foirne LADT a Admháil

Aithneoidh céatadán áirithe d’aon phobal gur daoine LADT iad. Níl seomraí foirne scoile ina n-eisceacht ina leith sin. Is iomaí ball foirne LADT nach bhfuil compordach a g(h)néaschlaonadh nó a f(h)éiniúlacht inscne a chur in iúl go hoscailte sa seomra foirne mar nach eol dó/di conas a fhreagróidh a c(h)omhghleacaithe dó.

Faoi mar atá an scéal sa seomra ranga, is féidir leat cur le hatmaisféar dearfach scoile a chruthú sa seomra foirne trí roinnt cleachtaí simplí:

- Admhaigh gur cuid de phobal na scoile iad daoine LADT.
- Labhair faoi shaincheisteanna a théann i bhfeidhm ar dhaoine LADT sa dóigh chéanna is a labhrófá faoi shaincheisteanna eile comhionannais.
- Sa chás go nochtann comhghleacaí duit go bhfuil sé/sí aerach, admhaigh gurbh fhéidir go raibh sé doiligh aige/aici déanamh amhlaidh agus gabh buíochas leis/léi as an bhfaisnéis sin a chur in iúl duit.
- Bí fáilteach má thugann comhghleacaí LADT a p(h)áirtneir leis/léi chuig ócáid shóisialta.
- Taispeáin póstaer ‘Anseo’, Treoirilinte Dea-Chleachtais an INTO, go soiléir sa seomra foirne.
- Taispeáin an fiseán gairid ‘The Inclusive School’ ag cruinniú foirne. Is iad baill den INTO a léirigh an fiseán.



Is é an phríomhtheacht aireacht anseo: ‘is daoine aeracha iad roinnt daoine agus tá sé ceart go leor a bheith aerach ...

... níl sé ceart go leor an focal sin a úsáid chun goilleadh ar dhuine eile nó chun náire a chur air/uirthi



## Moltaí ginearálta

### • **Straitéisí chun Bulaíocht a Chosc.**

Ba chóir do gach tionscnamh agus clár atá dírithe ar thuiscint a fhorbairt ar an mbulaíocht plé go follasach le bulaíocht atá bunaithe ar fhéiniúlacht, bulaíocht homafóbach agus thrasfóbach go háirithe.

(Gnásanna Frithbhulaíochta ón Roinn Oideachais agus Scileanna, 2013; 25).

Áirítear le samplaí:

- Póstaer LADT ar chlár fógraí;
- Plé le tuismitheoirí ar ráitis shonracha lena léirítear go bhfuil fáilte roimh bhail LADT de phobal na scoile agus go bhfuil meas orthu;

- Saincheisteanna LADT a chur san áireamh i Seachtain na Frithbhulaíochta, i Seachtain an Chairdis, etc.

- **Cur in Aghaidh Steiréitíopaí.** Cuir in aghaidh steiréitíopaí inscne agus iompair a chuireann le steiréitíopaí inscne, e.g. ní féidir le buachaillí agus le cailíní ach dathanna áirithe a chaitheamh, stíleanna gruaige áirithe a bheith acu nó cluichí áirithe a imirt. Tabhair spreagadh do na leanaí a fháil amach an bhfuil siad ábalta steiréitíopaí inscne a léirítear go seasmhach i gcláir theilifíse, i síscealta, i scéalta, i scannáin

etc. a aithint nó an bhfuil siad ábalta samplaí de chásanna ina gcuirtear in aghaidh na steiréitíopaí sin a aithint.

- **Acmhainní.** Coinnigh raon leathan leabhar, póstaer agus ábhar eile a léiríonn an teachtaireacht go bhfuil sé ceart go leor a bheith difriúil.
- **Gnáth-theanga.** Bain úsáid as teanga a léiríonn cineálacha difriúla teaghlaigh agus difríocht.
- **Curaclam.** Cuardaigh deiseanna sa churaclam le bheith cuimsitheach maidir le difríocht agus le cineálacha difriúla teaghlaigh.

## Faisnéis agus smaointe don seomra ranga

Cloch choirnéil ó thaobh an bhulaíochta a chosc is ea cultúr dearfach a bheith i réim sa scoil, cultúr atá bunaithe ar mheas agus ar chuimsitheacht agus a chuireann fáilte roimh dhifríocht agus roimh éagsúlacht. Is éifeachtaí beartas frithbhulaíochta scoile nuair a bhíonn cultúr dearfach scoile a spreagann meas, iontaoibh, cúram, cineáltas agus tacaíocht do dhaoine eile mar bhonn leis.

Gnásanna Frithbhulaíochta ón Roinn Oideachais agus Scileanna (2013; 21)

Chruthaigh Grúpa Múinteoirí LADT an

INTO roinnt acmhainní chun tacú le cultúr dearfach scoile den chineál sin.

Áirítear leo sin:

- **An póstaer 'Different Families, Same Love'** agus acmhainní agus ceachtanna tionlacain do gach leibhéal ranga.
- **Liostaí agus tuairiscí ar leabhair phictiúr** faoin téama 'cineálacha difriúla teaghlaigh'.
- **Smaointe le haghaidh gníomhaíochtaí seomra ranga** atá bunaithe ar an mbliain ranga.
- **Acmhainní Frithbhulaíochta** – liosta de shuíomhanna Gréasáin náisiúnta agus

idirnáisiúnta frithbhulaíochta atá oiriúnach do bhunscoileanna.

- Treoirínte Dea-Chleachtais le haghaidh an tSeomra Foirme agus.
- **Treoirínte Dea-Chleachtais le haghaidh an tSeomra Foirme** agus an fiseán gearr tionlacain, 'The Inclusive School'.

Is é Grúpa Múinteoirí LADT an INTO a chuir gach ceann de na hacmhainní thuas le chéile. Tá na hacmhainní ar fáil ag [www.glen.ie/education](http://www.glen.ie/education).

## Arna fhoilsiú ag



Is é Cumann Múinteoirí Éireann (INTO), a bunaíodh sa bhliain 1868, an ceardchumann múinteoirí is mó in Éirinn. Déanann sé ionadaíocht do mhúinteoirí ag an leibhéal bunscoile i bPoblacht na hÉireann agus do mhúinteoirí ag an leibhéal bunscoile agus ag an leibhéal iar-bhunscoile i dtuaisceart Éireann. Áirítear le haidhmeanna an INTO:

- Leasanna an oideachais a chur chun cinn agus tacú leis an gcoincheap um chothroime rochtana ar an oideachas iomlán do gach leanbh agus a dhícheall a dhéanamh ar chaighdeán oideachais a ardú.
- Prionsabal an chomhionannais a chur chun cinn i ngach gné den oideachas agus de ghairm na múinteoireachta.

R-phost: [info@into.ie](mailto:info@into.ie)

G: [www.into.ie](http://www.into.ie)

Twitter: @INTOnews



Is í an fhís atá ag Grúpa Múinteoirí LADT an INTO ná fis de scoileanna cuimsitheacha ina bhfuil múinteoirí leispíacha, aeracha, déghnéasacha agus trasinscneacha (LADT) le feiceáil, ina bhfuil meas ar éagsúlacht agus ina gcuirtear comhionannas chun cinn. Áirítear lenár n-aidhmeanna:

- An tuiscint ar éagsúlacht a fheabhsú
- Spás dearfach cuimsitheach a chruthú i mbunscoileanna agus cur in aghaidh bulaíochta homafóbach agus thrasfóbach.

R-phost: [lgbt@into.ie](mailto:lgbt@into.ie)

G: <https://www.into.ie/ROI/InfoforTeachers/TeacherSpecialInterestGroups/LesbianGayBisexualTransgenderTeachersGroup/>

FB: INTO LGBT Teachers' Group

Twitter: @intolgbt



Oibríonn GLEN ar son beartais agus cleachtais a athrú d'fhonn comhionannas a áirithiú do dhaoine LADT in Éirinn. Eochairthosaíocht atá ag GLEN is ea tacú le scoileanna agus le comhpháirtithe oideachais a chinntiú go bhfuil scoileanna ina dtimpeallachtaí sábháilte tacúla dearfacha do dhaoine LADT agus do leanaí agus do theaghlach daoine LADT. Bhí GLEN ina chuid de Ghrúpa Oibre na Roinne Oideachais agus Scileanna a chuir an Plean Gníomhaíochta náisiúnta ar an mbulaíocht (Eanáir 2013) le chéile.

R-phost: [Education@glen.ie](mailto:Education@glen.ie)

G: [www.glen.ie/education](http://www.glen.ie/education)

T: 01 6728650

FB: [glenLGBT](https://www.facebook.com/glenLGBT)

Twitter: [@glenLGBT](https://twitter.com/glenLGBT)

## Nótaí

1. Léirítear i dtaighde go n-éiríonn formhór na ndaoine eolach ar a bhféiniúlacht mar dhaoine LADT agus iad 12 bhliain d'aois. Mayock, P., & Audrey, B., Carr N., & Kitching, K. (2009). *Supporting LGBT Lives: A Study of Mental Health and Well-Being of Lesbian, Gay, Bisexual and Transgender People*. GLEN agus BeLonG To Youth Services.
2. Kennedy, N agus Hellen, M. (2010). Transgender children: More than a Theoretical Challenge. *Graduate Journal of Social Science*, 1ml. 7 Eagrán 2.
3. Guasp, A., Ellison, G., & Satara, T. (2014). *The Teachers Report: Homophobic Bullying in Britain's Schools*. Stonewall & Education for All.
4. Féach [www.glen.ie/education](http://www.glen.ie/education) chun leagan anáitíle den doiciméad seo a fháil.